

Naíonra agus Naíolann Chois Fharraige

Morgan Ó Conbhubhair

Bunaíodh Naíonra Chois Fharraige i 1999, le seirbhís naíonra a chuir ar fáil do phobal an cheantair. Bíonn an Naíonra ar oscailt ó Mheán Fómhair go dtí deireadh mhí Meitheamh i rith na bliana, le gnáthshaoire curtha san áireamh. Eagraíocht dheonach is ea Naíonra Chois Fharraige atá á reáchtáil ag na tuismitheoirí. Bunaíodh Naíolann Chois Fharraige i 2001 mar gheall ar chomh maith agus a bhí ag éirí leis an Naíonra.

Tá daonra mór sa cheantar anois agus go leor imirceach tar éis filleadh abhaile mar gheall ar an mborradh geilleagrach atá tagtha ar Éirinn le deich mbliana nó mar sin anuas. Os a chionn sin tá roinnt mhaith eachtrannach agus lucht iarrtha tearmainn ag lonnú sa cheantar freisin. Aithníonn pobal an cheantar an brú atá ag teacht ar an nGaeilge dá thoradh seo agus an méadú atá ag teacht ar bhailte ar nós Bhearna agus na Forbacha, a bhfuil an Ghaeilge á caitheamh i dtraipisí iontu. Tá “rabharta an Bhéarlachais” ag creimeadh leis anois as Gaillimh i gcónaí. Má tá muid chun an fód a sheasamh i gcoinne na tuile seo. Caithfidh muid ár bpáistí á thógáil le Gaeilge i gcomhlúadar Gaelach, a bheas le fáil go flúirseach nádúrtha mórtimpeall orthu.

Is iad na páistí óga seo todhchaí na teanga, “cliabhán na Gaeilge”, sna blianta atá amach romhainn. Tá sé intuigthe agus cruthaithe mura bhfuil an Ghaeilge go flúirseach ag gasúir faoin am a bheas siad ceithre bliana d’aois, gur beag seans atá ann go bpiocfadh siad suas í agus iad níos sine. Le taighde agus taithí na mblianta, tá sé tugtha faoi deara go dtugann páistí a gcúl leis an nGaeilge sa dara leibhéal den chóras oideachais, ach má bhíonn sí acu ón gliabhán go bhfillleann siad arís uirthi nuair a bhíonn siad sna fichidí.

Riachtanais Teanga

Aithníonn an Naíonra go bhfuil

riachtanais éagsúla teanga ag leanaí agus gur minic go mbíonn a dtuismitheoirí gan Gaeilge. Tá an Naíonra ag freastal ar an éileamh sin in éineacht le Comharchumann Shailearna Teo., ag reáchtáil dhá sheisiún, 09.30r.n. - 12.00 meán lae agus 12.30i.n. - 03.00i.n. le go mbeidh freastal déanta ar gach leibhéal cumais. Cuireann an Comharchumann ranganna teagaisc ar fáil do na tuismitheoirí gan Gaeilge i rith an lae nó san oíche. Is aoibhinn beatha an scoláire a bhíonn ag déanamh léinn, agus bíonn deis caidrimh ag paistí/tuismitheoirí agus iad ag foghlaim na Gaeilge. Fágтар folúntais gach bliain do pháistí le riachtanais speisialta.

Fanann an Naíolann oscailte an bhliain ar fad ach amháin le linn gnáthshaoire. Bíonn an Naíolann ar oscailt ón 08-00r.n. - 06.00i.n., arís ag freastal ar réimse leathan paistí le caighdeán éagsúla Gaeilge. Tá sé mar chuspóir ag an Naíonra agus ag an Naíolann cabhrú leis an bpáiste é/í féin a fhorbairt agus a mhúnlú ar gach slí i dtimpeallacht atá slán sábháilte.

Tugtar cabhair do na páistí an Ghaeilge a shealbhú ar bhealach taitneamhach trí dhrámaí, spraoi, ealaín, ceardaíocht agus cluichí éagsúla. Bíonn dea-thoradh ar seo go hiondúil - bíonn na páistí in ann an Ghaeilge a shealbhú agus a gcumas labhartha a chur chun cinn nó go mbíonn siad in ann í a úsáid mar ghnáth-theanga cumarsáide.

Spregann an Naíonra/Naíolann féinmhuinín na bpáistí agus

iad i gcomhlúadar agus de réir mar a théann siad i dtaithí ar an nGaeilge feiceann siad gur teanga í atá beo bríomhar spleodrach. Mar a deir an seanfhocal, beatha teanga í a labhairt. Is seoid agus oidhreacht chultúrtha í an Ghaeilge á tháinig anuas ó ghlúin go glúin, agus is ábhar bróid dúinn go bhfuil an Ghaeilge ar cheann de na teangacha is saibhre ó thaobh litríochta agus Béaloidis de in Iarthar na hEorpa.

Buntáistí

Taobh amuigh de chúinsí oidhreachta agus chultúrtha, tá buntáistí móra is féidir á lua mar ábhar margaíochta don teanga. Cruthaíonn sí fostaíocht le heagraíochtaí, tá deontais ar fáil as í a labhairt - tugtar cúnamh do dhaoine fuinneoga nua a chur ar a dtithe mar shampla, agus tógtar bóithre agus céibheanna. Tagann go leor chuig coláistí Samhraidh chun í a fhoghlaim, nó chuig na féilte éagsúla ina mbíonn an Ghaeilge á labhairt go flúirseach, rud a chuireann go mór le geilleagar an cheantair. Tá Naíonra agus Naíolann Chois Fharraige ag cur síol na teangan sa cheantar agus tá muid ag cur ar a gcumas fómhar ár n-oidhreachta a bhaint sa todhchaí dá bharr, mar a deir an seanfhocal “Tír gan teanga, Tír gan anam”.

Tá an Naíonra/Naíolann thar a bheith buíoch don tacaíocht a fhaigheann siad ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Áthchóirithe Dlí, agus ó Údarás na Gaeltachta chun an tseirbhís a choinneáil ag imeacht.